

Cuntas Leithreasa 2023

Vóta 8

Oifig an

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 8, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh.

I gcomhréir leis an riachtanas sin, tá an cuntas atá faoi iamh ullmhaithe agam le haghaidh an mhéid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Cuirtear an t-olltoradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2023, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasá i gcabhair ar chaiteachas don bhliain.

Tá barrachas €1.634 milliún faoi dhliteanas le géilleadh don Stáitchiste.

Is cuid den chuntas iad ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí amach i gclár 22 de 2023, i bhfeidhm in ullmhú an chuntais. Ina theannta sin, glacadh na beartais cuntasaíochta seo a leanas.

Athaicmiú na sócmhainní

Is mar seo a leanas a measadh saolréanna úsáideacha agus rátaí amúchta gaolmhara na móraicmí de shócmhainní doláimhsithe:

<i>Aicme sócmhainní</i>	<i>Saolré úsáideach</i>	<i>Ráta amúchta</i>
Ceadúnais bogearraí	Téarma ceadúnais 2-10 mbliana	50%-10%
Bogearraí faighte/forbartha	10 mbliana	10%

Ioncam fabhraithe ó tháillí iniúchta

Is éard a léirítear leis an ioncam fabhraithe ó tháillí iniúchta ná iniúchtaí ar tuairiscíodh tuairim ag deireadh na bliana ina leith ach nár seoladh sonrasc lena n-aghaidh go fóill.

Obair idir lámha

Is é atá i gceist le hobair idir lámha ná an luach measta inghnóthaithe a bhaineann le hobair a dhéantar ar iniúchtaí sa chás go bhfuil táille inmhuirir i gceist ach nár tugadh an t-íniúchadh chun críche faoi dheireadh na bliana. Ríomhtar luach na hoibre idir lámha mar chéatadán den táille iniúchta a aontaíodh, bunaithe ar stádas an iniúchta ag deireadh na bliana.

Seo a leanas na céatadán a úsáidtear

- cuntas a faomhadh le haghaidh deimhniúcháin 90%
- céim athbhreithnithe iniúchta 75%
- obair allamuigh críochnaithe 60%
- iniúchadh deiridh ar siúl 30%
- iniúchadh eatramhach críochnaithe 15%
- iniúchadh eatramhach ar siúl 10%

Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Oifigeach Cuntasaíochta. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil.

Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú i gcónaí.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais na gcomhaontuithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun acmhainní daonna, próiseáil párolla agus seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar na seirbhísí comhroinnte sin don Oifig seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun clistí suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras maidir leis an rialú inmheánach airgeadais.
- Doiciméadaíodh na nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat maidir le nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmhigin agus cuntasachta. Go háirithe

- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht
- bíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig
- tá córais atá ann dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig arna soláthar ag gnólacht iniúcháirí ina bhfuil baill foirne atá oile mar is iomchuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa a d'fhaomh mé féin agus Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí a mbíonn an Oifig nochta dóibh agus bíonn a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa agus ag Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh. Tugann an Coiste Iniúcháireachta, a fheidhmíonn faoi chairt scríofa freisin, léargas neamhspleách agus oibiachtúil dom ar an gcóras rialaithe airgeadais trí scrúdú a dhéanamh agus trí chomhairle a thabhairt maidir leis an bpróiseas trína bhfaighim dearbhú.

Soláthar

Cinntíonn an Oifig go leagtar an bhéim chuí ar dhea-chleachtas soláthair agus na conarthaí ar fad á mbronnadh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad. Ní dhearna an Oifig aon chonradh neamhiomaíoch i rith 2023 agus, mar a cheanglaítear le Ciorclán 40/2002, cuireadh toradh nialasach faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte don bhliain maidir le conarthaí a bhronnadh agus níl aon chonradh (os cionn €25,000) le nochtheadh.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú. Tá Coiste Bainistíochta Riosca i bhfeidhm ar a bhfuil an triúr Stiúrthóirí Iniúcháireachta chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca ar fud na hoifige.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Oifig, agus rinneadh na príomhrioscaí sin a shonrú, a mheasúnú agus a rangú de réir a suntasachta. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha. Tuairiscítear torthaí gníomhaíochtaí bainistíochta riosca don Choiste Iniúcháireachta.

Sonraítear leis an gclár riosca an rialú agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a laghdú agus an fhreagracht a bhaineann le feidhmiú an rialaithe dáilte chuig baill foirne faoi leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht, nuair is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go ndearnadh príomhríosaí agus rialuithe gaolmhara a shonrú agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun tuairisciú a dhéanamh ar aon easnamh a shainaithnítear.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta taobh istigh den Oifig atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais.

Slándáil TFC

Tá tiomantas láidir ag an Oifig do shlándáil a córas TFC. Tá creidiúnú ag an Oifig faoin gcaighdeán idirnáisiúnta ISO 27001: Bainistíocht Slándála Faisnéise. Cuireann an córas bainistíochta slándála faisnéise sin creat ginearálta rialachais ar fáil don tslándáil faisnéise agus leagann sé amach beartais, cuspóirí, maoirseacht bainistíochta, cleachtais agus rialachas a bhaineann le slándáil agus cinntíonn sé feabhas leanúnach na bainistíochta slándála faisnéise. Mar chuid den phróiseas deimhniúcháin, bíonn an Oifig faoi réir iniúchtaí leathbhliantúla chun comhlíonadh leanúnach ISO 27001 a chinntiú.

Riosca suntasach airgeadais

Gearrtar táillí iniúchta ar iniúchtaí áirithe airgeadais, faoi mar a fhoráiltear dó in Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Is cuid shuntasach d'acmhainní na hOifige iad na táillí agus tá roinnt nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar costais a aisghabháil le haghaidh iniúchtaí ábhartha de réir mar is cuí. Áirítear leis na bearta sin

- athbhreithniú bliantúil ar an mbonn ar a ngearrtar táillí, lena n-áirítear athbhreithniú ar aisghabháil na gcostas ar iniúchtaí aonair le himeacht ama
- córais a chuireann costais iniúchta, dul chun cinn iniúchta agus faisnéis bhilleála i gcuntas
- monatóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis airgeadais, lena n-áirítear costais iniúchta agus aisghabháil táillí.

Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor aithníodh aon laige sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2023 a bheadh le nochtadh sa chuntas leithreasa.

Colette Drinan

An tOifigeach Cuntasaíochta

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

An cuntas leithreasa do Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, rinne an tUas. Shaw McClung, Crowe Ireland, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla, é a iniúchadh thar mo cheann faoi alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse, bunaithe ar an iniúchadh agus ar an tuairisc a rinne siad

- go gcuirtear i láthair mar is cuí sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasafóichta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

19 Aibreán 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaóis nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Sonraítear in alt 13 d'Acht 1993 go ndéanfaidh duine cáilithe a cheapfaidh mé féin an cuntas leithreasa a iniúchadh thar mo cheann, faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire Airgeadais. Faoi Roinn sin, cheap mé Crowe Ireland chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna). Leagann an tuarascáil a ghabhann leis seo amach cuspóirí an iniúchta a rinneadh ar mo shon agus cuimsítear faisnéis ar an bpróiseas iniúchta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear ar an iniúcháir faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinneadh thar mo cheann, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíríc sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaíte ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Tuairim chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhréir le hAlt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Tuarascáil ar an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa

Tuairim

Inár gcáil mar iniúcháir arna cheapadh faoi Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá iniúchadh déanta againn ar an gcuntas leithreasa maidir le Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.

Inár dtuairimse, tugtar sa chuntas leithreasa léargas cóir ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 agus nach bhfuil aon ábhar ann nach mór dúinn tuairisc a thabhairt ina leith, de bhun alt 3(10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Bunús na tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (Éire) (ISAnna (Éire)), leis an dlí is infheidhme agus le hAlt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid dár dtuarascáil faoi fhreagrachtaí na nIniúcháirí as an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa. Táimid neamhspleách ar Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhréir leis na ceanglais eiticíúla a bhaineann le hiniúchtaí in Éirinn, lena n-áirítear an *Caighdeán Eiticíúil* arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár bhfreagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na ceanglais sin.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe againn leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur lenár dtuairim.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe uile a mheasaimid is gá chun críche ár n iniúchta faighte againn. Inár dtuairimse, taifid chuntasaíochta chuí coinnithe ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

I ndiaidh iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, tháingamar ar an gconclúid gur cuí atá an úsáid a bhain Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus an cuntas leithreasa á ullmhú.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor shainaithníomar aon éiginnteachtaí ábhartha a bhaineann le teagmhais ná dálaí a tharraingeodh amhras suntasach, ina n-aonar nó go comhpháirteach, ar chumas Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a síníodh an cuntas leithreasa.

Tugtar tuairisc ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

Tuairim chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhréir le hAlt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Tuarascáil ar an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa

Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Tá athbhreithniú déanta againn ar an bhfaisnéis sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais. Ní aon rud le tuairisciú againn ina leith.

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Faoi Alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*, tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an gcuntas leithreasa a ullmhú. Tá sí freagrach freisin, *inter alia*, as cistí poiblí a chosaint agus as rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart uile sa chuntas leithreasa.

Freagrachtaí an iniúcháora as iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa

Táimid freagrach as an gcuntas leithreasa a iniúchadh i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla agus rialála ábhartha agus leis na ISAnna (Éire). Is iad ár gcuspóirí ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa ina iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúcháora a eisiúint a chuimsíonn ár dtuairim. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Áirítear le hiniúchadh scrúdú a dhéanamh, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise atá ábhartha do na suimeanna agus na nochtaí sa chuntas leithreasa, ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na hidirbhearta arna dtaifeadadh sa chuntas an t-údarás faoina n-airbheartaítear go ndearnadh iad, agus ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí*.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna (Éire), cleachtaimid breithiúnas gairmiúil agus coinnímid sceipteachas i rith an iniúchta. Chomh maith leis sin, déanaimid na nithe seo a leanas

- Sainaithnímid agus measúnaímid rioscaí an mhírítis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad, dearaimid agus feidhmímid nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin, agus faighimid fianaise iniúcháireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair ár dtuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh inmheánacha, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighimid tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht rialú inmheánach Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- Déanaimid meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtaí gaolmhara arna ndéanamh.

Tuairim chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhréir le hAlt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Tuarascáil ar an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa

- Tagaimid ar chonclúid maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaineann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste as bonn cuntasafóchta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a dtagaimid uirthi, cé acu atá nó nach bhfuil éiginnteacht ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaimid ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orainn aird a tharraingt inár dtuarascáil iniúcháirí ar na nochtaí gaolmhara sa chuntas leithreasa nó, i gcás gur neamhleor nochtaí den sórt sin, ár dtuairim a leasú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta ar thángthas uirthi go dtí dáta ár dtuarascála iniúcháirí. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí amach anseo cur faoi deara ar Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste gan leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán an chuntais leithreasa, lena n-áirítear na nochtaí, agus ar cé acu a léirítear nó nach léirítear sa chuntas leithreasa na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a thugann léiriú cóir.

Déanaimid cumarsáid le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithnímid le linn ár n-iniúchta.

Cuspóir ár gcuid oibre iniúchta agus cé dó a bhfuilimid freagrach

Is don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste amháin a dhéantar an tuarascáil seo, i gcomhréir le hAlt 13 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchta sa chaoi is gur féidir linn a chur in iúl don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na nithe sin a cheanglaítear orainn a chur in iúl dó i dtuarascáil iniúcháirí agus ní chun aon chríche eile. A oiread is a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaimid le freagracht as an obair iniúchta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí atá déanta againn, ná ní ghabhaimid a leithéid de fhreagracht orainn, do dhuine ar bith eile seachas an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Shaw McClung

ar son agus thar ceann

Crowe Ireland

Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla

40 Bóthar Mespil

Baile Átha Cliath 4

19 Aibreán 2024

Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Cuntas Leithreasa 2023

		2023	2022
		Soláthar sna meastacháin	Olltoradh
		€000	€000
Caiteachas an chláir			
A	Iniúcháireacht agus tuairisciú	17,226	15,874
Ollchaiteachas		17,226	15,874
<i>Asbhain</i>			
B	Leithreasaí i gcabhair	6,686	7,665
Glanchaiteachas		10,540	8,209

Barrachas

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

	2023	2022
	€	€
Barrachas le géilleadh	1,634,289	1,155,816

Colette Drinan

An tOifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

8 Márta 2024

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2023

	2023	2022
€000	€000	€000
Pá	13,629	13,077
Neamhphá	3,011	2,797
Ollchaiteachas	16,640	15,874
<i>Asbhain</i>		
Leithreasaí i gcabhair	7,734	7,665
Glanchaiteachas	8,906	8,209
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	—	
Dímheas	166	
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Caipitlithe sa bhliain	(131)	
Amúchadh	34	
	69	182
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
(Méadú)/laghdú ar réamhíocaíochtaí	(61)	
(Méadú)/laghdú ar ioncam fabhraithe	(557)	
Méadú/(laghdú) ar speansais fhabhraithe	38	
	(580)	(256)
Caiteachas díreach	8,395	8,135
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1)	5,371	4,058
Measchíosanna	11	11
Glanchostas an chláir	13,777	12,204

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara ná na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 8 a tabhaíodh in áit eile.

		2023	2022
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	40	41
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	2,513	1,655
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,552	1,510
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	543	132
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	238	254
An Príomh-Chiste – tuarastal an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus pinsin iarshealbhóirí an phoist		485	466
		5,371	4,058

Nóta 2 Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023 €000	2022 €000
Sócmhainní seasta			
Maoín, gléasra agus trealamh	2.1	163	329
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	145	48
Sócmhainní seasta iomlána		308	377
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		552	1,158
Iarmhéideanna dochair eile	2.3	48	31
Réamhíocaíochtaí		289	228
Táillí iniúchta atá inghnóthaithe	2.4	2,501	1,944
Sócmhainní reatha iomlána		3,390	3,361
Lúide dlíteanais reatha			
Speansais fhabhráithe		139	101
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.5	468	461
Glanmhaoiniú an Stáichiste	2.6	132	728
Dlíteanais reatha iomlána		739	1,290
Glansócmhainní reatha		2,651	2,071
Glansócmhainní		2,959	2,448
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe an Stáit	2.7	2,959	2,448

2.1 Maoin, gléasra agus trealamh ^a

	Troscán agus feistis €000	Trealamh oifige agus TF €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil ^b			
Amhail an 1 Eanáir 2023	1,655	121	1,776
Breiseanna	—	—	—
Diúscairtí	—	(109)	(109)
Amhail an 31 Nollaig 2023	1,655	12	1,667
Dímheas carntha			
Amhail an 1 Eanáir 2023	1,326	121	1,447
Dímheas don bhliain	166	—	166
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(109)	(109)
Amhail an 31 Nollaig 2023	1,492	12	1,504
Glansócmhainní			
Amhail an 31 Nollaig 2023	163	—	163
Amhail an 31 Nollaig 2022	329	—	329

Nóta ^a Áirítear le costas nó luacháil ag tús agus ag deireadh na bliana sócmhainní a fuarthas ar chostas is lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021

^b An 1 Eanáir 2023, aistríodh bogearraí faighte agus forbartha chuig Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)

2.2 Sócmhainní doláimhsithe ^a

	Bogearraí faighte agus forbartha €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní		
Amhail an 1 Eanáir 2023	319	319
Breiseanna	131	131
Diúscairtí	(237)	(237)
Amhail an 31 Nollaig 2023	213	213
Amúchadh carntha		
Amhail an 1 Eanáir 2023	271	271
Amúchadh don bhliain ^b	34	34
Amúchadh diúscairtí	(237)	(237)
Amhail an 31 Nollaig 2023	68	68
Glansócmhainní		
Amhail an 31 Nollaig 2023	145	145
Amhail an 31 Nollaig 2022	48	48

Nóta ^a An 1 Eanáir 2023, aistríodh bogearraí faighte agus forbartha ó Mhaoin, gléasra agus trealamh.

2.3 Iarmhéideanna dochair eile

amhail an 31 Nollaig	2023 €000	2022 €000
Caiteachas taistil in-fhorchúitithe agus an scéim pas taistil	16	6
Caiteachas in-fhorchúitithe ó chomhthionóntaí	32	25
	48	31

2.4 Táillí iniúchta atá inghnóthaithe

amhail an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Féichiúnaithe táillí iniúchta	376	578
Ioncam fabhraithe ó tháillí iniúchta	1,702	815
Obair idir lámha	423	551
	2,501	1,944

2.5 Iarmhéideanna sochair eile

amhail an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Méideanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	168	175
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	125	130
Cáin shiarchoinneálach do sheirbhísí gairmiúla	10	7
Cáin bhreisluacha	53	48
An muirear sóisialta uilíoch	34	34
	390	394
Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí	78	67
	468	461

2.6 Glanmhaoiniú an Státhiste

amhail an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	1,634	1,156
Deontas ón Státhiste neamhtharraingthe	(1,502)	(428)
Glanmhaoiniú an Státhiste	132	728
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	552	1,158
Iarmhéideanna dochair: fionraí	48	31
	600	1,189
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(390)	(394)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(78)	(67)
	(468)	(461)
	132	728

2.7 Cuntas maoinithe an Stáit

	Nóta	2023	2022
		€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		2,448	2,374
Eisiocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar sna meastacháin	Cuntas	10,540	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(1,634)	
Glanvóta		8,906	8,209
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	5,371	4,058
Míreanna neamhairgid - measchíos	1	11	11
Glanchostas an chláir	1	(13,777)	(12,204)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		2,959	2,448

2.8 Ceangaltais

amhail an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	1,514	2,002

2.9 Dlíteanais aibithe

amhail an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Meastachán ar dhlíteanais aibithe nár díscáoileadh ag deireadh na bliana	—	—

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Áirítear caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos i gClár A chun costálacha iomlána an chláir a chur i láthair.

		2023		2022
		Soláthar sna meastacháin	Olltoradh	Olltoradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá, pinsin agus liúntais	14,130	13,629	13,077
ii	Taisteal agus cothú	546	193	116
iii	Oiliúint agus forbairt	330	318	252
iv	Seirbhísí gairmiúla, sainchomhairleoireachta agus eile	1,125	1,412	1,363
v	Speansais oibriúcháin	166	193	162
vi	Speansais sócmhainní agus trealaimh	489	595	659
vii	Speansais áitreabh agus lóistín	160	102	101
viii	Speansais chumarsáide agus mhargaíochta	100	59	60
		17,046	16,501	15,790

Éagsúlachtaí suntasacha

Leis an méid seo a leanas leagtar amach na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas ón méid a soláthraíodh (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar sna meastacháin €546,000; olltoradh €193,000

Tá an tearc-chaitheamh €353,000 ann mar gheall ar riachtanas laghdaithe do thaisteal gnó faoi na socruithe oibre a bhí i bhfeidhm i rith na bliana.

iv Seirbhísí gairmiúla, sainchomhairleoireachta agus eile

Soláthar sna meastacháin €1.125 milliún; olltoradh €1.412 milliún

Is é is cúis leis an mbarrachas €287,000 go príomha ná gníomhaíocht earcaíochta agus comhairle dlí ní b'airde ná mar a bhí coinne leis, agus méaduithe ar chostais na seirbhísí sin.

vi Speansais sócmhainní agus trealaimh*Soláthar sna meastacháin €489,000; olltoradh €595,000*

Is é is cúis leis an mbarrachas €106,000 go príomha ná méaduithe ar chostais na n-athnuachaintí ceadúnais bogearraí.

Clár A Iniúcháireacht agus tuairisciú

		2023		2022
		Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	14,130	13,629	13,077
A.2	Riarachán – neamhphá	2,916	2,872	2,713
A.3	Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus seirbhísí eile	180	139	84
		17,226	16,640	15,874

Nóta 4 Fáltais**4.1 Leithreasáí i gcabhair**

		2023		2022
		Measta	Fíoraithe	Fíoraithe
		€000	€000	€000
1	Táillí iniúchta	6,300	7,267	7,285
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	385	399	380
3	Ilghnéitheach	1	68	—
		6,686	7,734	7,665

Éagsúlachtaí suntasacha

Leis an méid seo a leanas leagtar amach na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha i bhfo-cheannteidil leithreasáí i gcabhair ar leith (+/-5% agus €100,000).

1 Táillí iniúchta*Meastachán €6.3 milliún; réadaithe €7.3 milliún*

Tharla an t-athrú €967,000 mar gheall ar an deacracht a bhaineann le huainiú beacht na bhfáltas a thuar.

Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair**5.1 Líon na bhfostaithe**

Coibhéisí lánaimseartha	2023	2022
Líon na mball foirne ag deireadh na bliana	<u>179</u>	<u>191</u>

5.2 Pá

	2023	2022
	€000	€000
Pá	12,385	11,916
Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise	23	21
Ragobair	—	1
ÁSPC an Fhostóra	1,221	1,139
Pá iomlán	<u>13,629</u>	<u>13,077</u>

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair ba mhó	
			2023	2022
			€	€
Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise	4	1	12,420	11,446
Ragobair	—	—	—	517

Níor íocadh íocaíochtaí breise le haon bhall foirne i mbreis agus catagóir amháin.

5.4 Foireann oifige de réir banda pá

Seo a leanas líon fostaithe de chuid na hOifige a raibh a sochair fostaí (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; diomaite de ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000:

Bandaí Pá (€)		Líon na bhfostaithe	
Ó	Go	2023	2022
20,000	59,999	111	101
60,000	69,999	26	27
70,000	79,999	15	16
80,000	89,999	20	12
90,000	99,999	10	9
100,000	109,999	2	1
110,000	119,999	9	10
120,000	129,999	—	—
130,000	139,999	—	—
140,000	149,999	—	—
150,000	159,999	—	1
160,000	169,999	2	1
170,000	179,999	1	1

5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Athfhostaíodh beirt státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse ar bhonn táille ar chostas iomlán €4,655. Bhí na táillí a íocadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas an tuarastal a íocadh le hoifigeach amháin atá ag fónamh ar iasacht ón Oifig chuig Cúirt Iniúchóirí na hEorpa atá ag fónamh mar shaineolaí náisiúnta le Seomra V na Cúirte, ar íoc an Oifig a thuarastal.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i leith seisear oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig ar feadh na bliana 2023 ar fad, nó ar feadh cuid di, i ranna/oifigí/eile rialtais/i gCúirt Iniúchóirí na hEorpa agus nár íoc an Oifig a dtuarastail le linn a n-iasachtaí.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2023 €	2022 €
Ró-íocaíochtaí	9	23,241	10,417
Pleananna téarnaimh atá i bhfeidhm	4	6,293	39

Léirítear sa tábla thuas iarmhéid na ró-íocaíochtaí amhail an 31 Nollaig gach bliain. Bhí na ró-íocaíochtaí a rinneadh in 2023 cothrom le €15,086. Aistríodh plean aisghabhála ró-íocaíochta amháin i leith duine amháin dar luach €659 chuig roinn/oifig rialtais amháin in 2023.

I ngach ceann de na cúig chás nach bhfuil pleananna téarnaimh i bhfeidhm ina leith faoi láthair, tá na faighteoirí as párolla.

5.7 Luach saothair an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Íoctar tuarastal an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste go díreach as Príomh-Chiste an Státchiste, faoi mar a fhoráiltear dó in Alt 14 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ba é €227,149 (2022: €213,001) an muirear a gearradh ar an bPríomh-Chiste in 2023 maidir le luach saothair an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Faoi mar a fhoráiltear dó in Airteagal 33 den Bhunreacht, ní fhéadfaidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste aon oifig nó aon phost luach saothair eile a shealbhú.

5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Ba é seo a leanas luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais.

	2023 €000	2022 €000
Bunphá	175	170
Sochar comhchineáil	1	1
	<u>176</u>	<u>171</u>


Baineann suim an tsochair comhchineáil le híocaíocht an tsíntiúis bhliantúil ballraíochta ag an Oifig le comhlacht cuntasaíochta gairmiúil. Ní liúntas íochta é agus ní mhéadaíonn sé an pá comhlán foriomlán. Tá an luach ríofa chun cáin a asbhaint, a shonraítear thuas, de réir cheanglais na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ní chuirtear an luach de shocair scoir shaothraithe le linn na tréimhse san áireamh thuas. Is ball den scéim aoisliúntais iar-1995 do státseirbhísí bunaithe an tOifigeach Cuntasaíochta, agus ní théann a cuid teidlíochtaí ina leith sin thar choinníollacha caighdeánacha na scéime pinsin sin.

5.9 Bearna phá idir na hinscní

Tá an Oifig tiomanta don chomhionannas ina lucht saothair agus tacaíonn sí le réimse tionscnamh éagsúlachta. Déantar monatóireacht ar chothromaíocht inscne agus ar mheánrátaí pá agus déantar iad a thuairisciú. In 2023, ní raibh aon difríocht ábhartha (2% nó níos mó) sna rátaí pá d'fhostaithe fireanna agus bainearna na hOifige. Ar an meán, trasna na ngrád uile faoi dheireadh na bliana 2023, íocadh 0.4% níos mó in aghaidh na huaire conraithe le fostaithe fireanna ná fostaithe bainearna. Léirítear sa chairt thíos an meánphá in aghaidh na huaire conraithe d'fhir agus do mhná le trí bliana anuas.

**Meánphá
in aghaidh na huaire (€)**



5.10 Tacú le cáilíochtaí gairmiúla agus le taithí oibre ábhartha

Leanann an Oifig le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil a cuid foirne atá sa tóir ar cháilíochtaí cuntasáíochta gairmiúla. Cuireann an Oifig deiseanna ar fáil freisin i gcomhair taithí oibre ábhartha do mhic léinn tríú leibhéal agus do phrintísigh ó chlár printíseachta Theicneoirí Cuntasáíochta Éireann. Léirítear sa tábla thíos líon iomlán na n-iniúcháirí faoi oiliúint a fuair tacaíocht agus iad sa tóir ar cháilíochtaí gairmiúla a bhaint amach i rith na bliana, agus líon iomlán na mac léinn agus na bprintíseach a raibh socrúchán acu laistigh den Oifig i rith na bliana.

	2023	2022
Iniúcháirí faoi oiliúint nach bhfuil cáilithe go fóill	66	59
Mic léinn	11	19
Printísigh	3	4